# ONE DUBLIN ONE BOOK

## AIBREÁN 2026




**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Cathair Litríochta Bhaile Átha Cliath
Dublin UNESCO City of Literature

faber

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

# Imeachtaí le sracfhéachaint

| | | |
|---|---|---|
| Dé Céadaoin an 1, an 8, an 15 agus an 22 Aibreán, 11am | Cúrsa Foghlama ar Feadh an tSaoil UCD - One Dublin One Book - Baile Átha Cliath a Léamh | Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh, |
| Dé Céadaoin an 1 Aibreán, 6:30pm | IFI agus One Dublin One Book: Point Blank tugtha isteach le John Banville | Institiúid Scannán na hÉireann |
| Déardaoin an 2 Aibreán, 6.30pm | Taisceáladh a dhéanamh ar Dhomhan Christine Falls le Elizabeth Kehoe | Leabharlann na Cúlóige |
| Dé Máirt an 7 Aibreán, 6pm | Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta le Andrew Hughes | Leabharlann Bhaile Munna |
| Dé Céadaoin an 8 Aibreán, 6pm | Christine Falls a bhriseadh a síos le Dr. SallyAnne Collis agus Garrett Fagan | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| Déardaoin an 9 Aibreán, 1pm | Cúram máithreachais i mBaile Átha Cliath na 1950dí le Lindsey Earner-Byrne | An Humanarium, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn |
| Déardaoin an 9 Aibreán, 7pm | Baile Átha Cliath John Banville. John Banville i mbun comhrá le Donal Fallon | Teampall San Stiofáin, Corrán Shráid an Mhóta |
| Dé Sathairn an 11 Aibreán, 2pm | Faisean Bhaile Átha Cliath sna 1950dí<br>Le Ruth Griffin agus Deirdre McQuillan | Beairic Uí Choileáin |
| Dé Luain an 13 Aibreán, 7pm | Scéal na hEisimirce: Meiriceá na nGael sna 1950dí le Tommy Graham, Dan Mulhall, Bernadette Whelan agus Michaell Kennedy | EPIC Músaem Eisimirce na hÉireann |

**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Máirt an 14 Aibreán, 6:30pm | "Bhí croí na cathrach ciúin i mbun paidreoireachta": Cráifeacht i mBaile Átha Cliath le linn Bhliain na Maighdine Muire 1954 le Katie Blackwood | Leabharlann Shráid Chaoimhín |
| Dé Céadaoin an 15 Aibreán, 6pm | Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta le Andrew Hughes | Leabharlann Ráth Maonais |
| Déardaoin an 16 Aibreán, 7pm | Léiríonn One Dublin One Book: Christine Falls: Ceiliúradh | Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann |
| Dé Sathairn an 18 Aibreán, 11am | Turas siúil thart ar Bhaile Átha Cliath Quirke le Arran Henderson | Ó Leabharlann Shráid an Phiarsaigh |
| Déardaoin an 23 Aibreán, 6pm | Oidhreacht Dhorcha na hÉireann a Nochtadh, Caelainn Hogan agus Phil Mullen i mbun comhrá | Leabharlann Inse Chór |
| Dé hAoine an 24 Aibreán, 1pm | 'Taitneamh a bhaint as a taitneamh': Saolta cultúrtha mhná na hÉireann sna 1950dí le Dr. Antonia Hart | Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh |
| Dé Sathairn an 25 Aibreán, 12pm | An Scéal a Réiteach: Éire sna 1950dí<br>Fintan O'Toole i mbun comhrá le Catriona Crowe | dlr LexIcon, Dún Laoghaire |
| Dé Máirt an 28 Aibreán, 6pm | Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta le Gill Perdue | Leabharlann na Sceirí |
| Dé Céadaoin an 29 Aibreán, 6pm | Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta le Gill Perdue | Leabharlann na Tamhlachta |
| Déardaoin, 30 Aibreán, 7pm | Scríobh na Staire<br>John Banville, Martina Devlin agus John MacKenna i gcomhrá le Emily Hourican | Teach Tionóil na Cathrach, Sráid Liam Theas |

**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**



Is í aidhm **One Dublin One Book** ná gach duine i mBaile Átha Cliath a spreagadh chun leabhar ainmnithe a bhaineann leis an ardchathair a léamh le linn mhí Aibreáin gach bliain. Is tionscnamh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é an tionscadal bliantúil seo, a bhfuil Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Litríochta UNESCO Bhaile Átha Cliath i gceannas air agus a fhaigheann tacaíocht ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Tá cóipeanna de ***Christine Falls*** le John Banville (Faber) le fáil ar iasacht ó gach leabharlann poiblí in Éirinn i bhformáid fisiceach agus i bhformáid digiteach mar rLeabhair. Beidh rClosleabhair ag teacht go luath tríd an aip Borrowbox.

Buíochas ar leith le John Banville, le Faber agus lenár gcomhpháirtithe go léir a bhí rannpháirteach sa chlár i mbliana.

**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

**Íomhá ó: Cnuasach Grianghrafadóireachta Turasóireachta Fháilte Éireann, Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath**

# Léiríonn One Dublin One Book: *Christine Falls*: Ceiliúradh

**Déardaoin an 16 Aibreán, 7pm - 8.30pm**
**Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann, 36 - 38 Rae an Iarthair,**
**Baile Átha Cliath 2, D02 WY89**

Bí linn le haghaidh tráthnóna speisialta de chomhrá agus taibhithe i gCeol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus muid ag déanamh ceiliúradh ar rogha One Dublin One Book 2026, ***Christine Falls***.




Beidh an t-údar aitheanta **John Banville** i mbun comhrá leis an údar **Belinda McKeon**, agus iad ag tumadh isteach ina chéad úrscéal coireachta, fiche bliain tar éis a fhoilsithe. Is úrscéal fíorspéisiúil é ***Christine Falls***, ina gcuirtear an paiteolaí radacach Quirke agus fórsaí an údaráis in aithne dúinn, fórsaí a mbíodh údarás forleathan acu i mBaile Átha Cliath na 1950dí agus níos faide i gcéin, agus a láimhseálann cumhacht, éilliú, náire, rúin atá faoi chois, agus tóraíocht fhear amháin ar an bhfírinne.

Beidh léiriú beo snagcheoil mar chuid den trathnóna ón **Michael Buckley Jazz Quintet** le **Michael Buckley** (sacsafón), **Margot Daly** (glórtha), **Scott Flanagan** (pianó), **Diarmuid Lally** (dord) agus **Brendan Doherty** (drumaí), chomh maith le léitheoireachtaí drámata ó ***Christine Falls*** leis na haisteoirí **Shannon Haly** agus **Billy Lyons**.







**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## Cúrsa Foghlama ar Feadh an tSaoil UCD
## One Dublin One Book
## Baile Átha Cliath a Léamh

**11am go dtí 1pm Dé Céadaoin an 1, an 8, an 15 agus an 22 Aibreán**
**Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath,**
**139 – 144 Sráid an Phiarsaigh, D02HE37**

Ar an gcúrsa seo le **Garrett Fagan** léifidh tú ***Christine Falls***, scéinséir coireachta atá suite i mBaile Átha Cliath na 1950dí. Breathnóidh tú ar ábhar eile a bhaineann le hÉire na linne sin, ar scríbhneoireacht choireachta eile Bhaile Átha Cliath, ar shaothair eile John Banville, agus déanfaidh tú machnamh ar an gcúis a bhfuil Baile Átha Cliath ina shuíomh an-oiriúnach don scríbhneoireacht choireachta.

**Cur in áirithe:** Cláraigh trí shuíomh gréasáin oideachas do dhaoine fásta UCD ar Chúrsa **de Chód AE-LN248** 'One Dublin One Book – Baile Átha Cliath a Léamh' ag https://www.ucd.ie/all/entrypathways/part-timepathways/lifelonglearning/courselist/

**Costas: €105**

## IFI agus One Dublin One Book: Point Blank

**Dé Céadaoin an 1 Aibreán, 6:30pm**
**Institiúid Scannán na hÉireann, 6 Sráid an Iústásaigh, Barra an Teampaill, D02 PD85**

IFI Irish Film Institute

Cuirfidh **John Banville** tús leis an bplé ar ***Point Blank***, scannán galánta noir-esque de chuid John Banville, bunaithe ar shraith gharrfhicsin d'úrscéalta coireachta faoi bhleachtaire géarchúiseach, a bhí mar inspioráid do charachtar Quirke, an príomhcharachtar coilgneach in ***Christine Falls***, a bhfuil dúil nach beag aige sa deoch.





**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## Taisceáladh a dhéanamh ar Dhomhan Christine Falls Le Elizabeth Kehoe

**Déardaoin an 2 Aibreán, 6.30pm**
**Leabharlann na Cúlóige, Bóthar Chúirt an Bharraigh, Baile Átha Cliath 17, D17 C950**

Bí leis an Staraí Cónaithe **Elizabeth Kehoe** agus í ag cíoradh tréimhsí ama, áiteanna, agus saol sóisialta ***Christine Falls***, ag tumadh isteach sa Bhaile Átha Cliath a léiríonn Banville — na hinstitiúidí, na tostanna, na struchtúir aicme, agus na cóid mhorálta — ag ofráil comhthéacs stairiúil a chuireann lenár dtuiscint ar an úrscéal.

## Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta Le Andrew Hughes



**Dé Máirt an 7 Aibreán, 6pm**
**Leabharlann Bhaile Munna, Bóthar Bhaile Munna, Baile Átha Cliath 11, D11 DCR7**

Bí i dteannta an údair ficsin choireachta **Andrew Hughes** do cheardlann scríbhneoireachta chun máistreacht a bhaint amach ar cheird an dúnmharaithe le plotaí casta, carachtair spéisiúla, agus na gnéithe scéalaíochta go léir atá de dhíth chun úrscéal coireachta nó mistéire rathúil a scríobh. Faigh comhairle phraiticiúil maidir le tús a chur le do shaothar agus é a fhorbairt i dtreo sprioc an fhoilsithe.



## *Christine Falls* a bhriseadh a síos

**Dé Céadaoin an 8 Aibreán, 6pm**
**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 7-8 Sráid Chill Dara, Baile Átha CLiath 2, D02 P638**

Tar agus bí i gcomhluadar an Phaiteolaí Stáit **Dr. SallyAnne Collis** agus í i mbun comhrá le **Garrett Fagan**, agus iad ag breathnú siar ar stair na heolaíochta fóiréinsí agus ar fhorbairt na dteicnící fiosrúcháin, agus déanamh machnamh ar an úsáid a bhaintear astu i bhficsean coireachta, ar bhonn stairiúil agus sa lá atá inniu ann.

**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## Baile Atha Cliath John Banville, John Banville i mbun comhrá le Donal Fallon

**Déardaoin an 9 Aibreán, 7pm**
**Teampall San Stiofáin (Teampall an Phiobaráin), Corrán Shráid an Mhóta, Baile Átha Cliath 2, D02HC65**

Agus é ag léiriú atmaisféar, meon áite agus príomh-shaincheisteanna sóisialta ***Christine Falls***, tugann **John Banville** léargas gléineach ar Bhaile Átha Cliath na 1950dí. Beidh an t-údar in éineacht leis an staraí **Donal Fallon** (Podchraoladh Three Castles Burning) chun plé a dhéanamh ar a Bhaile Átha Cliath féin, agus ar an tslí a mhúnlaigh an chathair a shaothar i gcaitheamh na mblianta.



## Cúram máithreachais i mBaile Átha Cliath na 1950dí

**Déardaoin an 9 Aibreán, 1pm**
**An Humanarium, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, 118 Faiche Stiabhna. Baile Átha Cliath 2, D02 X0N1**

Pléifidh an **tOllamh Lindsey Earner-Byrne** cultúr an chúraim mháithreachais agus na tréithe a bhain leis le linn na 1950dí, ag soláthar comhthéacs maidir le rátaí breithe, rátaí báis, agus an bhaint a bhí ag an mbaile, ospidéal agus stát leis.

## Faisean Bhaile Átha Cliath sna 1950dí Le Ruth Griffin agus Deirdre McQuillan

**Dé Sathairn an 11 Aibreán, 2pm**
**Beairic Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7,**
**D07 XKV4**

Tar agus bí leis an staraí faisin **Ruth Griffin** agus leis an eagarthóir faisin **Deirdre McQuillan** chun foghlaim faoi shaol na siopadóireachta i mBaile Átha Cliath na 1950dí, agus chun machnamh a dhéanamh ar na slite a mhealltar an léitheoir níos doimhne isteach sa scéal le tagairtí don fhaisean agus conas mar a chuireann sé lenár dtuiscint ar na carachtair.



**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## Scéal na hEisimirce: Meiriceá na nGael sna 1950dí

**Dé Luain an 13 Aibreán, 7pm**
**EPIC Músaem Eisimirce na hÉireann, Foirgneamh CTC, Cé Theach an Chustaim, An Port Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 R9Y0**

In ***Christine Falls***, tá gnólacht rathúil ag duine de na príomhcharachtair i mBostún. Bí le **Tommy Graham** (Stair Éireann) agus é i mbun comhrá le **Dan Mulhall** (Iar-Ambasadóir na hÉireann sna SA), **Bernadette Whelan** (Ollscoil Luimnigh) agus **Michael Kennedy** (Doiciméid ar Bheartas Eachtrach na hÉireann) agus iad ag déanamh plé ar an saol Éireannach-Meiriceánach i ndiaidh an chogaidh.



## "Bhí croí na cathrach ciúin i mbun paidreoireachta": Cráifeacht i mBaile Átha Cliath le linn Bhliain na Maighdine Muire 1954

**Dé Máirt an 14 Aibreán, 6:30pm**
**Leabharlann Shráid Chaoimhín, 18 Sráid Chaoimhín Íochtarach, D08EY79**

I mBaile Átha Cliath na 1950dí, bhí smacht géar ar ghnéasacht na mban agus bhí toircheas lasmuigh den phósadh náireach agus contúirteach. Beidh an Staraí Cónaithe **Katie Blackwood** ag déanamh plé ar théamaí ***Christine Falls*** i gcomhthéacs bhliain na Maighdine, ar stair pholaitiúil agus sóisialta na linne, agus ar an tionchar a bhíodh ag teagasc reiligiúnach ar shaolta ghnáthmhuintir Bhaile Átha Cliath.



## Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta Le Andrew Hughes

**Dé Céadaoin an 15 Aibreán, 6pm**
**Leabharlann Ráth Maonais, 157 Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6, D06 K2K6**

Bí i dteannta an údair ficsin choireachta **Andrew Hughes** do cheardlann scríbhneoireachta chun máistreacht a bhaint amach ar cheird an dúnmharaithe le plotaí casta, carachtair spéisiúla, agus na gnéithe scéalaíochta go léir atá de dhíth chun úrscéal coireachta nó mistéire rathúil a scríobh. Faigh comhairle phraiticiúil maidir le tús a chur le do shaothar agus é a fhorbairt i dtreo sprioc an fhoilsithe.

**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## Turas siúil thart ar Bhaile Átha Cliath Quirke

**Dé Sathairn an 18 Aibreán**
**11am go dtí 12.45pm**
**ó Leabharlann Shráid an Phiarsaigh, 139 – 144 Sráid an Phiarsaigh, D02HE37**

Bí leis an staraí áitiúil **Arran Henderson**, de chuid Dublin Decoded, ar thuras treoraithe, thart ar na ceantair i mBaile Átha Cliath ar tharla na himeachtaí in ***Christine Falls*** iontu. Faigh spleáchadh ar chúinní stairiúla faoi cheilt, agus ar scéalta leath-dearmadta, a chuireann le huathúlacht na ceathrún seo de Bhaile Átha Cliath.

## Oidhreacht Dhorcha na hÉireann a Nochtadh Caelainn Hogan agus Phil Mullen i mbun comhrá

**Déardaoin an 23 Aibreán, 6pm**
**Leabharlann Inse Chór, Beairic Richmond, Inse Chór,**
**Baile Átha Cliath 8, D08 YY05**

Suite i ré thar a bheith coimeádach, áit a raibh cuir faoi chois i gceist ó thaobh an tsochaí de agus ag údarás na hEaglaise, láimhseálann ***Christine Falls*** téamaí lena n-áirítear drochíde na mban, na neachtlanna, agus uchtuithe neamhdhleathacha. Bí i dteannta an scríbhneora agus iriseora **Caelainn Hogan**, agus an scoláire **Phil Mullen**, agus plé á dhéanamh acu ar nochtadh stair dhorcha na hÉireann, agus machnamh a dhéanamh ar an mbaint a bhí ag na meáin leis ach go háirithe.

## 'Taitneamh a bhaint as a taitneamh': Saolta cultúrtha mhná na hÉireann sna 1950dí

**Dé hAoine an 24 Aibreán, 1pm**
**Cartlann agus Leabharlann Chathair Bhaile Átha Cliath, Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2, D02 HE37**

Beidh Starai Conaithe **Dr. Antonia Hart** ag déanamh plé ar ghnáth-thaithí mhná na hÉireann ar chultúr agus ar na meáin le linn na 1950dí, agus ar an tslí ar chuir siad sult agus nua-aimsearthacht le saolta mhná na Éireann i dtréimhse nuair a bhíodh traidisiúin agus an coimeádachas fite fuaite sa tsochaí, agus an geilleagar ag streachailt.



**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## An Scéal a Réiteach: Éire sna 1950dí
## Fintan O'Toole i mbun comhrá le Catriona Crowe

**Dé Sathairn an 25 Aibreán, 12pm**
**dlr LexIcon, Ardán Haigh, Páirc Uí Mhóráin, Dún Laoghaire, Contae Bhaile Átha Cliath A96 H283**

Bí leis an údar agus iriseoir **Fintan O'Toole** agus é i mbun comhrá leis an údar agus cartlannaí **Catriona Crowe** agus iad ag déanamh plé ar thírdhreach sóisialta, stairiúil agus eacnamaíoch na hÉireann sna 1950dí, ag cíoradh an comhthéacs níos leithne ina bhfuil Christine Falls suite ann.





## Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta Le Gill Perdue

**Dé Máirt an 28 Aibreán, 6pm**
**Leabharlann na Sceirí, 56 Sráid an Teampaill, Bóthar Pháirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath, K34 PN56**

Bí le húdar ficsin choireachta **Gill Perdue** le haghaidh ceardlann scríbhneoireachta ina ndéanfar na gnéithe éagsúla a bhaineann le húrscéal coireachta rathúil a scríobh a mheas. Ó phlota agus luas, go dtí forbairt na gcarachtar agus na dialóige, aimsigh do ghlór féin sa scríbhneoireacht choireachta.



**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**

## Ceardlann Scríbhneoireachta Ficsin Choireachta Le Gill Perdue

**Dé Céadaoin an 29 Aibreán, 6pm**
**Leabharlann na Tamhlachta, Leabharlann an Chontae, Plás Pharthaláin, An Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 TNP8**

Bí le húdar ficsin choireachta **Gill Perdue** le haghaidh ceardlann scríbhneoireachta ina ndéanfar na gnéithe éagsúla a bhaineann le húrscéal coireachta rathúil a scríobh a mheas. Ó phlota agus luas, go dtí forbairt na gcarachtar agus na dialóige, aimsigh do ghlór féin sa scríbhneoireacht choireachta.

## Scríobh na Staire John Banville, Martina Devlin agus John MacKenna i gcomhrá le Emily Hourican



**Déardaoin, 30 Aibreán, 7pm**
**Teach Tionóil na Cathrach, 58 Sráid Liam Theas, Baile Átha Cliath 2, D02 X751**

Bígí linn leis na húdair **John Banville**, **Martina Devlin** agus **John MacKenna** i gcomhrá leis an údar **Emily Hourican** agus iad ag fiosrú conas is féidir le ficsean stairiúil saincheisteanna suntasacha ré a léiriú – lena n-áirítear an leatrom ar mhná – agus tuiscint níos fearr a thabhairt dúinn ar na sochaithe, na háiteanna agus na hamanna ina dtarlaíonn scéalta ficseanúla.







**Ní mór áirithint a dhéanamh: dublincityofliterature.ie**